Measúnú Aibíochta Digití le haghaidh Chustaiméirí na Mol Nuálaíochta Digití Eorpacha (MNDEnna)

Spriocghrúpa: Fiontair

Céim: T0 (sula bhfuarthas tacaíocht ó MNDE)

MODÚL 1: Sonraí Custaiméara

Sa mhodúl seo, soláthair eolas ginearálta bunúsach faoin bhfiontar ar spéis leis tacaíocht MNDE a fháil. Tá na sonraí seo ag teastáil chun anailís a dhéanamh ar an leibhéal aibíochta digití atá ag d'fhiontar i gcomparáid le leibhéal aibíochta digití fiontar eile i d'earnáil, i do chatagóir méide (ó mhicrifhiontair go fiontair mhóra), i do réigiún agus/nó i do thír.

M1.1. Sonraí Ginearálta:

1. Dáta
2. Ainm an fhiontair a fhaigheann tacaíocht ó MNDE:
3. Cláruimhir fhioscach (CBL nó a comhionann):
4. Teagmhálaí:
5. Ról san fhiontar:
6. Seoladh ríomhphoist:
7. Teileafón:
8. Suíomh gréasáin:
9. Méid foirne an fhiontair[2]
    1. Micrifhiontar (1-9)
    2. Fiontar beag (10-49)
    3. Fiontar meánmhéide (50-249)
    4. Fiontar mór (250 nó níos mó)
10. An bhliain a bunaíodh an fiontar
11. An tír ina bhfuil aonad gnó an fhiontair lonnaithe:
12. An réigiún (NUTS2) ina bhfuil aonad gnó an fhiontair lonnaithe:
13. Cód poist
14. Seoladh iomlán
15. Uimhir Cóid Aitheantais Rannpháirtí[1] (má tá sí ar fáil, le líonadh isteach ag EDIH)

M1.2. Earnáil Gníomhaíochta:

1. Cén earnáil gníomhaíochta a bhfuil gnó d'fhiontair dírithe uirthi go príomha? Roghnaigh rogha amháin:
    1. Aerloingseoireacht & Spás
    2. Talmhaíocht agus bia
    3. Gníomhaíochtaí pobail, sóisialta agus seirbhíse pearsanta
    4. Foirgníocht
    5. Earraí/táirgí tomhaltais
    6. Tionscail an Chultúir agus Tionscail chruthaitheacha
    7. Cosaint agus slándáil
    8. Oideachas
    9. Fuinneamh agus fóntais
    10. An comhshaol

[1] Cód Aitheantais Rannpháirtí

11. Seirbhísí airgeadais
12. Eolaíochtaí beatha agus cúram sláinte
13. Monaraíocht
14. Muirí agus iascach
15. Mianadóireacht agus cairéalacht
16. Soghluaisteacht (lena n-áirítear Mótarfheithiclí)
17. Riarachán poiblí
18. Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh, ligean ar cíos agus gnó
19. Gníomhaíochtaí Gairmiúla, Eolaíocha agus Teicniúla
20. Teileachumarsáid, Faisnéis agus Cumarsáid
21. Turasóireacht (lena n-áirítear bialanna agus fáilteachas)
22. Mórdhíol agus miondíol
23. Gnéithe Dlíthiúla
24. Rialachán

2. Ina theannta sin, cé na hearnálacha eile gníomhaíochta ina bhfuil gnó d'fhiontair ag oibriú cheana féin/ag iarraidh oibriú? Roghnaigh suas le trí rogha:
    1. Aerloingseoireacht & Spás
    2. Talmhaíocht agus bia
    3. Gníomhaíochtaí pobail, sóisialta agus seirbhíse pearsanta
    4. Foirgníocht
    5. Earraí/táirgí tomhaltais
    6. Tionscail an Chultúir agus Tionscail chruthaitheacha
    7. Cosaint agus slándáil
    8. Oideachas
    9. Fuinneamh agus fóntais
    10. An comhshaol
    11. Seirbhísí airgeadais
    12. Eolaíochtaí beatha agus cúram sláinte
    13. Monaraíocht
    14. Muirí agus iascach
    15. Mianadóireacht agus cairéalacht
    16. Soghluaisteacht (lena n-áirítear Mótarfheithiclí)
    17. Riarachán poiblí
    18. Gníomhaíochtaí eastáit réadaigh, ligean ar cíos agus gnó
    19. Gníomhaíochtaí Gairmiúla, Eolaíocha agus Teicniúla
    20. Teileachumarsáid, Faisnéis agus Cumarsáid
    21. Turasóireacht (lena n-áirítear bialanna agus fáilteachas)
    22. Mórdhíol agus miondíol
    23. Gnéithe Dlíthiúla
    24. Rialachán
    25. Earnáil eile gníomhaíochta nach liostaítear thuas (sonraigh)
    26. Níl aon earnáil eile i gceist

MODÚL 2: Aibíocht Dhigiteach

Is é is aidhm do na ceisteanna sa mhodúl seo aibíocht dhigiteach d'fhiontair a thomhas. Leis an eolas seo, cuideofar le léiriú a thabhairt ar thúsphointe thuras aistrithe digitigh d'fhiontair, léiriú lena sainaithneofar réimsí ina bhféadfadh gá a bheith ann le tacaíocht MNDE. Cuideofar freisin le measúnú a dhéanamh ar na seirbhísí a chuirfidh MNDE ar fáil do d'fhiontar ar deireadh agus le mionchoigeartú a dhéanamh ar bheartais agus ionstraimí airgeadais an Aontais lena dtacaítear le MNDEnna. Déanfar measúnú ar na gnéithe seo a leanas (agus na critéir scórála atá sonraithe sa leathanach deiridh á gcur i bhfeidhm):

Creat Measúnaithe Aibíochta Digití le haghaidh Eagraíochtaí Earnála Poiblí (PSOnna)
Foinse: EC JRC Mionsaothrú féin



M2.1. Straitéis Ghnó Dhigitigh

Leis na ceisteanna a bhaineann leis an ngné seo, táthar ag iarraidh stádas foriomlán straitéise digiteála i d'fhiontar a ghabháil ó thaobh an ghnó de. Cuirtear ceisteanna faoi infheistíochtaí d'fhiontair i ndigiteáil de réir réimsí gnó (bíodh siad curtha i gcrích nó pleanáilte) chomh maith le hullmhacht an ghnólachta dul ar aistear digiteach lena bhféadfadh iarrachtaí eagraíochtúla agus eacnamaíocha nach bhfuil tuartha go fóill a bheith ag teastáil.

1. Cé acu de na réimsí gnó seo a leanas a bhfuil infheistíocht digiteála déanta ag d'fhiontar iontu cheana féin agus cé acu réimsí ina bhfuil sé beartaithe aige é sin a dhéanamh amach anseo? Roghnaigh na roghanna uile a bhaineann le hábhar:

	Infheistíocht déanta cheana féin	Plean chun infheistíocht a dhéanamh
1. Dearadh táirgí/seirbhísí (lena n-áirítear taighde, forbairt agus nuálaíocht) 2. Pleanáil agus bainistíocht tionscadal 3. Oibríochtaí (earraí fisiceacha a tháirgeadh/monarú, pacáistiú, cothabháil, seirbhísí, etc.) 4. Comhoibriú le suíomhanna inmheánacha eile nó le gnólachtaí eile sa slabhra luacha 5. Lóistíocht isteach agus stórasú 6. Margaíocht, díolacháin & seirbhísí do chustaiméirí		

(bainistíocht custaiméirí, próiseáil orduithe, deasc chabhrach, etc.)
7. Seachadadh (lóistíocht amach, ríomhshonraisc, etc.)
8. Riarachán agus acmhainní daonna
9. Ceannach agus soláthar
10. Cibearshlándáil/slándáil agus comhlíontacht na rialachán maidir le sonraí pearsanta/RGCS



2. Cé acu de na bealaí seo a leanas a bhfuil d'fhiontar ullamh le haghaidh (níos mó) digiteála? Roghnaigh na roghanna uile a bhaineann le hábhar:

1. Sainaithnítear riachtanais digiteála agus tá siad ailínithe le cuspóirí gnó
2. Sainaithnítear acmhainní airgeadais (acmhainní dílse, iasachtaí, fóirdheontais) le linn bliain amháin ar a laghad chun an digiteáil a dhaingniú
3. Tá bonneagair TF réidh chun tacú le pleananna digiteála
4. Fostaítear speisialtóirí TFC/cuirtear ar fochonradh iad (nó sainaithníodh riachtanais fostaithe/fochonraitheoireachta)
5. Tá bainistíocht an fhiontair réidh chun na hathruithe eagraíochtúla is gá a stiúradh
6. Tá ranna gnó lena mbaineann agus a bhfoireann réidh chun tacú le pleananna digiteála
7. Is féidir ailtireacht ghnó agus próisis oibríochtúla a oiriúnú má bhíonn gá leis sin mar thoradh ar an digiteáil
8. Déantar táirgí monaraithe a thráchtálú cheana féin mar sheirbhís (ar a dtugtar Seirbhísíocht) nó cuirtear leo le seirbhísí a chumasaítear le teicneolaíochtaí digiteacha
9. Déantar faireachán rialta ar shástacht cliant agus comhpháirtithe le seirbhísí/idirghníomhaíochtaí ar líne (ar chainéil meán sóisialta, oibríochtaí ríomhthráchtála, malartuithe ríomhphost, etc.)
10. Déantar na rioscaí a bhaineann leis an digiteáil a mheas (e.g. éifeachtaí neamhphleanáilte ar réimsí gnó eile)

M2.2. An Ullmhacht Dhigiteach:

Leis an ngné maidir le hullmhacht dhigiteach, soláthraítear measúnú ar ghlacadh reatha na dteicneolaíochtaí digiteacha (idir teicneolaíochtaí príomhshrutha agus ardteicneolaíochtaí), gné atá bailí do ghnólachtaí monaraíochta agus do ghnólachtaí seirbhíse araon.

3. Cé acu de na teicneolaíochtaí digiteacha agus réitigh dhigiteacha seo a leanas atá in úsáid cheana féin ag d'fhiontar? Roghnaigh na roghanna uile a bhaineann le hábhar:

1. Bonneagar nascachta (idirlíon ardluais (snáthoptaic), seirbhísí néalríomhaireachta, cianrochtain ar chórais oifige)
2. Suíomh gréasáin an fhiontair
3. Foirmeacha agus blaganna gréasán-bhunaithe/fóraim ghréasáin le haghaidh cumarsáid a dhéanamh le cliaint
4. Comhráite beo, líonraí sóisialta agus botaí comhrá le haghaidh cumarsáid a dhéanamh le cliaint
5. Díolacháin ríomhthráchtála (gnólacht le tomhaltóir, gnólacht le gnólacht)
6. Promóisean ríomh-mhargaíochta (fógraíocht ar líne, na meáin shóisialta le haghaidh gnó, etc.)
7. R-Rialtas (idirghníomhaíocht ar líne le húdaráis phoiblí, lena n-áirítear soláthar poiblí)

8. Uirlisí le haghaidh cianchomhar idir gnólachtaí (e.g. ardán teilea-oibre, físchomhdháil, foghlaim fhíorúil, gnó-shonrach)
9. Tairseach gréasáin inmheánach (inlíon)
10. Córais Bainistithe Faisnéise (Pleanáil Acmhainní Fiontraíochta, Bainistíocht Saolré Táirge, Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí, Bainistíocht Shlabhra an tSoláthair, ríomhshonrascadh)

4. Cé acu de na *hardteicneolaíochtaí* digiteacha seo a leanas atá in úsáid cheana féin ag d'fhiontar? Grádaigh gach rogha is infheidhme ag baint úsáide as scála 0-5 (0=*Ní in úsáid*, 1=*Úsáid beartaithe*, 2=*Fréamhshamhaltú*, 3=*Tástáil*, 4=*Cur chun feidhme*, 5=*I bhfeidhm*):

1. Ionsamhlú & leathchúplaí digiteacha (i.e. léirithe digiteacha fíor-ama ar mhíreanna/próisis fhisiceacha)
2. Réaltacht fhíorúil, réaltacht bhreisithe
3. Dearadh ríomhchuidithe (DRC) agus monaraíocht ríomhchuidithe (MRC)
4. Córais um oibriú monaraíochta
5. Idirlíon na Rudaí Nithiúla (IoT) agus Idirlíon Tionsclaíoch na Rudaí Nithiúla
6. Teicneolaíocht bhlocshlabhra
7. Monarú suimitheach (e.g. printéir 3T)

M2.3. An digiteáil duine-lárnach:

Sa ghné seo, féachtar ar an gcaoi a bhfuil an fhoireann oilte, rannpháirteach agus cumhachtaithe de bharr teicneolaíochtaí digiteacha agus ar an gcaoi a gcuirtear feabhas ar a ndálaí oibre dá réir sa chaoi is go méadaítear a dtáirgiúlacht agus a bhfolláine.

5. Cad a dhéanann d'fhiontar chun a fhoireann a athsciliú agus a uas-sciliú le haghaidh na digiteála? Roghnaigh na roghanna uile a bhaineann le hábhar:

1. Déantar measúnú scileanna foirne a mheasúnú chun na bearnaí scileanna a shainaithint
2. Deartar plean oiliúna chun na baill foirne a oiliúint agus a uas-sciliú
3. Eagraítear cúrsaí oiliúna gearra, cuirtear ranganna teagaisc/treoirlínte agus acmhainní ríomhfhoghlama eile ar fáil
4. Éascaítear deiseanna foghlama trí ghníomhaíocht/deiseanna piarfhoghlama/deiseanna trialacha
5. Tairgtear tréimhsí oiliúna & socrúcháin fostaíochta i bpríomhréimsí acmhainneachta
6. Urraítear rannpháirtíocht foirne i seisiúin oiliúna atá eagraithe ag eagraíochtaí seachtracha (soláthraithe oiliúna, lucht léinn, díoltóirí)
7. Baintear úsáid as cláir oiliúna agus uas-scilithe fóirdheonaithe

6. Agus réitigh dhigiteacha nua á nglacadh agat, cad a dhéanann d'fhiontar chun an fhoireann a rannpháirtiú agus a chumhachtú? Roghnaigh na roghanna uile a bhaineann le hábhar:

1. Éascaítear feasacht na foirne ar theicneolaíochtaí digiteacha nua
2. Déantar pleananna digitithe a chur in iúl don fhoireann ar bhealach trédhearcach cuimsitheach
3. Déantar faireachán ar an gcaoi a nglacann an fhoireann leis na réitigh agus déantar bearta chun na héifeachtaí comhthaobhachta a d'fhéadfadh a bheith ann a mhaolú (e.g.

eagla roimh athrú; An cultúr 'ceangailte i gcónaí' vs. cothromaíocht oibre is saoil; coimircí maidir le rioscaí a bhaineann le sáruithe príobháideachais etc.)

4. Bíonn an fhoireann rannpháirteach (lena n-áirítear baill foirne nach baill foirne TFC iad) i ndearadh agus forbairt an táirge/na seirbhíse/an phróisis digiteála
5. Tugtar níos mó neamhspleáchais agus uirlisí digiteacha iomchuí don fhoireann chun cinntí a dhéanamh agus a chur i bhfeidhm
6. Athdheartar/Oiriúnaítear cúraimí agus sreafaí oibre chun tacú leis na bealaí ar mhaith leis an bhfoireann a bheith ag obair
7. Bunaítear socruithe oibre atá níos solúbtha de bhua na digiteála (e.g. teilea-obair)
8. Cuirtear foireann/seirbhís tacaíochta digití (inmheánach/seachtrach) ar fáil don fhoireann

M2.4. Bainistiú sonraí agus Nascacht

Leis an ngné seo, léirítear an chaoi a ndéantar sonraí a stóráil go digiteach, a eagrú laistigh den fhiontar, an chaoi a gcuirtear rochtain orthu ar fáil trí ghairis nasctha (ríomhairí etc.) agus an chaoi a mbaintear leas astu chun críoch gnó agus cosaint leordhóthanach sonraí á áirithiú trí scéimeanna cibearshlándála.

7. Conas a bhainistítear sonraí d'fhiontair (i.e. stóráil, eagrú, rochtain agus úsáid)? Roghnaigh na roghanna uile a bhaineann le hábhar:

1. Tá beartas/plean/sraith beart bainistíochta sonraí i bhfeidhm ag an eagraíocht [0, 1 pt]
2. Ní bhailítear sonraí go digiteach
3. Stóráiltear sonraí ábhartha go digiteach (e.g. feidhmchláir oifige, fillteáin ríomhphoist, feidhmchláir neamhspleácha, córas Bainistíochta Caidreamh Custaiméirí nó Pleanála Acmhainní Fiontraíochta, etc.)
4. Déantar na sonraí a chomhtháthú i gceart (e.g. trí chórais idir-inoibritheacha, comhéadain feidhmchláir) fiú nuair a dháiltear iad i measc córais éagsúla
5. Tá sonraí inrochtana i bhfíor-am ó ghairis agus suíomhanna éagsúla
6. Déantar anailís chórasach ar shonraí a bhailítear agus déantar tuairisciú orthu le haghaidh cinnteoireachta
7. Saibhrítear anailísíocht sonraí trí fhoinsí seachtracha a chomhcheangal le sonraí an fhiontair
8. Is féidir rochtain a fháil ar anailísíocht sonraí gan cúnamh ó shaineolaithe (e.g. trí dheaiseanna)

8. An bhfuil sonraí d'fhiontair slán go leordhóthanach? Roghnaigh na roghanna uile a bhaineann le hábhar:

1. Tá beartas/tacar beart maidir le slándáil sonraí fiontair i bhfeidhm
2. Déantar na sonraí uile a bhaineann le cliaint a chosaint ar chibear-ionsaithe
3. Ar bhonn rialta, cuirtear na baill foirne ar an eolas maidir le saincheisteanna/rioscaí cosanta sonraí agus cuirtear oiliúint orthu maidir leo
4. Déantar faireachán agus measúnú rialta ar chibearbhagairtí
5. Déantar cóip chúltaca iomlán de shonraí criticiúla gnó a chothabháil (lasmuigh den láthair/sa néal)
6. Tá plean leanúnachais gnó i bhfeidhm i gcás teipeanna tubaisteacha (e.g. na sonraí go léir a bheith glasáilte de dheasca ionsaí bogearraí éirice nó damáiste fisiciúil don bhonneagar TF)

M2.5. Uathoibriú agus an Intleacht Shaorga

Sa ghné seo, déantar iniúchadh ar an leibhéal uathoibrithe agus faisnéise a éascaítear trí mhodhanna digiteacha atá leabaithe i bpróisis ghnó.

9. Cé acu de na teicneolaíochtaí agus feidhmchláir ghnó seo a leanas atá in úsáid ag d'fhiontar cheana féin? Grádaigh gach rogha is infheidhme ag baint úsáide as scála 0-5 (0=*Ní in úsáid*, 1=*Úsáid beartaithe*, 2=*Fréamhshamhaltú*, 3=*Tástáil*, 4=*Cur chun feidhme*, 5=*I bhfeidhm*):

1. Próiseáil Teanga Nádúrtha lena n-áirítear botaí comhrá, mianadóireacht téacsanna, an meaisínaistriúchán, anailís tuairimí
2. Aithint físe/íomhá trí bhíthin ríomhaire
3. Closphróiseáil / aithint cainte, próiseáil agus sintéis
4. Róbataic agus gairis uathrialacha
5. Faisnéis ghnó, anailísíocht sonraí, córais tacaíochta cinntí, córais moltaí, córais rialaithe chliste

M2.6. An Digiteáil ghlas:

Baineann an ghné seo le cumas an fhiontair tabhairt faoin digiteáil le cur chuige fadtéarmach lena léirítear freagracht as cosaint agus inbhuanaitheacht na n-acmhainní nádúrtha agus an chomhshaoil (agus lena bhforbraítear buntáiste iomaíoch as faoi dheireadh).

10. Conas a bhaineann d'fhiontar úsáid as teicneolaíochtaí digiteacha chun cur le hinbhuanaitheacht an chomhshaoil? Roghnaigh na roghanna uile a bhaineann le hábhar:

1. Samhail ghnó inbhuanaithe (e.g. samhail an gheilleagair chiorclaigh, táirge mar sheirbhís)
2. Soláthar seirbhísí inbhuanaithe (e.g. rianú úsáide le haghaidh tuilleadh athúsáide ag úsáideoirí eile)
3. Táirgí inbhuanaithe (e.g. éicidhearthóireacht, pleanáil saolré táirge ó cheann go ceann, deireadh ré agus síneadh ar an saolré úsáideach)
4. Modhanna táirgthe agus monaraíochta, ábhair agus comhpháirteanna inbhuanaithe (lena n-áirítear bainistíocht deiridh ré)
5. Bainistíocht astaíochtaí, truaillithe agus/nó dramhaíola
6. Giniúint fuinnimh inbhuanaithe i saoráid an fhiontair
7. Barrfheabhsú ídithe/costais amhábhar
8. Laghdú ar chostais iompair agus pacáistithe
9. Feidhmchláir dhigiteacha chun iompar freagrach tomhaltóirí a spreagadh
10. Próisis riaracháin gan pháipéar

11. I d'fhiontar, an gcuirtear tionchair chomhshaoil san áireamh i roghanna digiteacha agus i gcleachtais dhigiteacha? Grádaigh gach rogha is infheidhme ag baint úsáide as an scála seo: *Ní chuirtear, Go páirteach, Cuirtear*:

1. Tá ábhair imní agus caighdeáin chomhshaoil leabaithe i samhail agus straitéis ghnó an fhiontair
2. Tá Córas/Deimhniú Bainistithe Comhshaoil i bhfeidhm
3. Tá gnéithe comhshaoil sna critéir sholáthair a úsáidtear chun teicneolaíochtaí/soláthróirí digiteacha a roghnú
4. Déantar faireachán ar ídiú fuinnimh na dteicneolaíochtaí digiteacha agus na stórála sonraí agus déantar an t-ídiú sin a bharrfheabhsú

5. Tá athchúrsáil/athúsáid seantrealaimh teicneolaíochta á cleachtadh ar bhealach gníomhach san fhiontar